1. Cad a rinne tú an coicís seo caite? What did you do this past fortnight?
Bhí mé ag taisteáil. *I was travelling.*
Cá ndeachaigh tú? Where did you go?
Chuaigh mé go hÉirinn. *I went to Ireland.*
Cad a chonaic tú? What did you see?
Chonaic mé iarsmalann iontach. *I saw a wonderful museum.*

2. An bhfuil taithí agat le léarscáileanna? Do you have experience using maps?
Tá beagán taithí agam. *I have a little experience.*

3. An raibh tú caillte in áit éigin riamh? Were you ever lost somewhere?
Bhí. Chuaigh mé amú ag fánaíocht. *Yes. I went astray while hiking.*

Amhrán na Mara (Úna Levy) — Song of the Sea

1.	Tá díomá ar na síoga, ach cuimhníonn Ben gur thóg Conor cóta Shaoirse.	The fairies are disappointed, but Ben remembers that Conor took Saoirse's coat.
2.	Tá sé fós i dteach an tsolais. Léimeann na síoga le háthas.	It is still in the lighthouse. The fairies jump with happiness.
3.	Níl le déanamh acu ach cóta Shaoirse a fháil di agus beidh sí in ann iad ar fad a shaorú ó dhraíocht Mhacha.	All they have to do is get Saoirse's coat for her and she will be able to free them from the magic of Macha.
4.	Gan choinne, tá bogadh sna craobhacha os a gcionn agus briseann ulchabháin Mhacha tríd na sceacha.	Unexpectedly, there is a movement in the branches above them and Macha's owls break through the thorn bushes.
5.	Cuireann na síoga troid orthu, ach anuas leis na hulchabháin á dtiontú ina gcloch trína mothúchin a cheapadh ina bprócaí draíochta.	The fairies challenge them, but the owls come down turning them into stones by capturing their feelings in their magic jars.
6.	Séideann Saoirse ar an sliogán agus bristear cuid de na prócaí.	Saoirse blows on the shell and some of the jars are broken.
7.	Eitlíonn na hulchabháin ar shiúl, scanradh orthu.	The owls fly away, frightened.
8.	Saortar cloigne na sióg ón gcloch cé go bhfuil a gcoirp fós crua.	The heads of the fairies are freed from the stone although their bodies are still hard.
9.	Míníonn siad do Bhen go gcaithfidh sé cóta Shaoirse a fháil is go gcaithfidh sí a hamhrán a chanadh roimh mhaidin nó beidh deireadh leo ar fad.	They explain to Ben that he has to get Saoirse's coat and that she has to sing her song before morning or there will be an end to all of them.
10.	Éalaíonn Ben agus Saoirse amach as an chathair ar bhus atá lán le gnáthpháistí Bob nó Breab.	Ben and Saoirse slip out of the city on a bus that is full of normal trick-or-treaters.
11.	Tuigeann Ben anois go bhfuil scéalta a mháthar fíor.	Ben understands now that his mother's stories are true.
12.	An dtiocfadh le Saoirse a bheith ina banrón, mar sin?	Will Saoirse become a selkie, then?

13.	Agus Ben ag meabhrú ar seo, amharcann Saoirse amach an fhuinneog.	As Ben things about this, Saoirse looks out the window.
14.	Feiceann sí na drithleoga beaga draíochta ag eitilt taobh leo.	She sees the little magical sparks flying next to them.
15.	Ba mhaith léi na drithleoga a leanstan ach iarrann Ben uirthi fanacht san áit a bhfuil sí.	She would like to follow the sparks, but Ben asks her to stay where she is.
16.	In áit sin, osclaíonn sí an doras éalaithe is tagann an bus chuig stad tobann scréachach.	Instead of that, she opens the emergency door and the bus comes to a sudden screeching stop.
17.	Fágann an tiománaí crosta na páistí leo féin amuigh faoin tuath.	The cross driver leaves the children by themselves out in the country.
18.	Seinneann Saoirse ar an sliogán is leanann na páistí na drithleoga.	Saoirse blows on the shell and the children follow the sparks.
19.	Siúlann siad tríd an choill i ndiaidh na soilse beaga draíochta.	They walk through the woods after the small magical lights.
20.	Ach ansin, nuair a chloiseann Ben géag crainn ag briseadh, tá eagla air go meallfaidh ceol Shaoirse na hulchabháin ar ais chucu.	But then, when Ben hears a tree branch breaking, he is afraid that Saoirse's music will draw the owls back to them.
21.	Iarrann sé ar Shaoirse gan an sliogán a sheinm níos mó.	He asks Saoirse not to play the shell any more.
22.	Breathnaíonn sé ar an léarscáil ach gan mhoill, tá na páistí caillte sa choill dhorcha scáfar.	He looks at the map, but without delay the children are lost in the dark frightening woods.

	Ceisteanna	**Questions**
1.	Cén fáth go bhfuil díomá ar na síoga?	Why are the fairies disappointed?
2.	Cá bhfuil cóta Shaoirse?	Where is Saoirse's coat?
3.	Cad a bheidh Saoirse in ann a dhéanamh ach a cóta a bheith uirthi?	What will Saoirse be able to do when she has her coat on?
4.	Cad a thagann anuas as na crainn?	What comes down from the trees?
5.	Cad a tharlaíonn do na síoga?	What happens to the fairies?
6.	Cá dtéann Ben agus Saoirse?	Where do Ben and Saoirse go?
7.	Cad a thuigeann Ben faoi scéalta a mháthar?	What does Ben understand about his mother's stories?
8.	Cad a fheiceann Saoirse?	What does Saoirse see?
9.	Cad a dhéanann Saoirse?	What does Saoirse do?
10.	Cá dtéann na páistí?	Where do the kids go?
11.	Cad a iarrann Ben ar Shaoirse?	What does Ben ask of Saoirse?
12.	Cad a tharlaíonn do na páistí?	What happens to the children?